An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 2/24**

**CO EUR 2**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (1 Feabhra 2024)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Thug an Chomhairle Eorpach ómós d'iarUachtarán an Choimisiúin Jacques Delors, a cailleadh an 27 Nollaig 2023. Bhí sé ina cheann feadhna ar an tionscadal Eorpach, agus bhí ról lárnach aige i dtógáil an Aontais Eorpaigh mar is eol dúinn inniu é.*

*

*    *

**CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027**

*Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 mar a leagtar amach leis seo. I bpraghsanna reatha atá na figiúirí uile, mura sonraítear a mhalairt.*

***Tacaíocht don Úcráin***

1. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé a áirithiú, i gcomhar leis na comhpháirtithe, go dtabharfar tacaíocht chobhsaí, intuartha, inbhuanaithe airgeadais don Úcráin don tréimhse 2024-2027. Chun rannchuidiú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na tíre, chun a comhtháthú sóisialta agus a lánpháirtiú forásach san Aontas a chothú, i bhfianaise a ballraíochta féideartha san Aontas amach anseo, bunófar Saoráid don Úcráin don tréimhse 2024-2027.

2. Don tréimhse 2024-2027, ní rachaidh suim na n-acmhainní foriomlána a chuirfear ar fáil ón tSaoráid thar EUR 50 billiún, lena n-áirítear:

    i) EUR 33 bhilliún i bhfoirm iasachtaí a ráthaítear trí shíneadh a chur le ráthaíocht bhuiséadach reatha an Aontais go dtí 2027, de bhreis ar na huasteorainneacha, le haghaidh cúnamh airgeadais a bheidh ar fáil don Úcráin go dtí deireadh 2027;

    ii) EUR 17 mbilliún i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha, faoi ionstraim théamach nua, Cúlchiste na hÚcráine, a bhunaítear de bhreis ar uasteorainneacha CAI 2021-2027. D'fhéadfaí ioncam féideartha a ghiniúint faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais, maidir le húsáid an ioncaim urghnách atá i seilbh eintiteas príobháideach anois mar thoradh díreach ar bhlocáil shócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise.

3. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na méideanna atá ar fáil, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí faoin ionstraim seo nár úsáideadh, tabharfar anonn go huathoibríoch iad go dtí an chéad bhliain eile. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús.

4. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé úinéireacht na hÚcráine ar a hiarrachtaí téarnaimh agus atógála a chothú trí bhíthin plean atá le hullmhú ag Rialtas na hÚcráine ina leagfar amach clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine agus í ar a conair i dtreo aontachas leis an Aontas. Féachtar leis an rannpháirtíocht is leithne is féidir a spreagadh ó dheontóirí lasmuigh den Aontas Eorpach in iarracht fhoriomlán téarnaimh agus atógála na hÚcráine, fiú sula nglacfar an plean.

5. Mar réamhchoinníoll i dtaca leis an tacaíocht don Úcráin faoin tSaoráid, ní mór don Úcráin leanúint de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtíoch agus an smacht reachta, agus urraim do chearta an duine a ráthú, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Agus an tSaoráid á cur chun feidhme acu, déanfaidh an Coimisiún agus an Úcráin na bearta iomchuí go léir chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe maidir le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú.

6. Beidh ról lárnach ag an gComhairle i rialachas na Saoráide don Úcráin. I ndáil leis sin, glacfar Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle trí thromlach cáilithe chun an Plean don Úcráin a ghlacadh agus a leasú agus chun íocaíochtaí a fhormheas agus a chur ar fionraí bunaithe ar na measúnuithe agus na tograí ábhartha ón gCoimisiún.

7. Ar bhonn na tuarascála bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Saoráide don Úcráin, beidh díospóireacht ag an gComhairle Eorpach gach bliain maidir le cur chun feidhme na Saoráide d'fhonn treoir a chur ar fáil. Más gá, i gceann 2 bhliain iarrfaidh an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú air sin i gcomhthéacs an CAI nua.

***Ceannteidil 4 agus 6 – imirce agus an ghné sheachtrach***

8. Is dúshlán Eorpach í an imirce agus tá freagairt Eorpach ag teastáil ina leith.

9. Chun cistiú leordhóthanach a chur ar fáil chun tacú leis na Ballstáit dúshláin agus riachtanais phráinneacha a bhaineann leis an imirce agus le bainistiú teorainneacha sna Ballstáit túslíne, agus sna Ballstáit sin atá thíos leis na cogaí san Úcráin agus sa Mheánoirthear, agus chun an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme a luaithe a ghlacfar é, lena n-áirítear nósanna imeachta nua ag na teorainneacha, déanfar Ceannteideal 4 a threisiú le EUR 2 bhilliún.

10. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhféadfaí úsáid a bhaint as cistí an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar riachtanais na himirce. Chuige sin, iarrann sí ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit leas a bhaint as an bhféidearthacht sin.

11. Chun go mbeidh an tAontas in ann an tacaíocht riachtanach a thabhairt i gcomhthéacs inarb an-ard an teannas geopholaitiúil, déanfar tosaíochtaí Cheannteideal 6 a threisiú le EUR 7.6 billiún. Cuideoidh sé sin chun comhar éifeachtach le tríú tíortha a choinneáil ar bun a mhéid a bhaineann leis an imirce, lena n-áirítear an tacaíocht do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc agus sa réigiún i gcoitinne, chomh maith le leanúint de na gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo trí Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic. Beidh sé ina chuidiú freisin chun tacú leis na Balcáin Thiar, Comharsanacht an Deiscirt agus an Afraic, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí agus cistiú le haghaidh na mbealaí imirce. Ba cheart cistiú leordhóthanach do chúlchiste na Ionstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a áirithiú.

***Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

12. Ní mór don Aontas Eorpach a cheannasacht agus a iomaíochas in earnálacha straitéiseacha a áirithiú trína athléimneacht agus a tháirgiúlacht a neartú, trí mhaoiniú a shlógadh, trína spleáchais straitéiseacha a laghdú, trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna na todhchaí agus trína bhonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch a chur in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus comhtháthú agus cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair á gcoimirciú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an chaoi a ndearnadh ionstraimí reatha cistiúcháin an Aontais a ghiaráil chun tacaíocht airgeadais a thabhairt go tapa le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla.

    Chun na críche sin, éascófar úsáid an chistithe atá ar fáil agus cruthófar sineirgí idir ionstraimí cistiúcháin chun an tacaíocht do theicneolaíochtaí criticiúla a mhéadú. Chuige sin, i gcás thosaíochtaí Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip faoin gclárthréimhse 2021-2027, beidh feidhm ag ráta cómhaoinithe 100 % agus beidh réamh-mhaoiniú 30 % ann.

13. Chun borradh a chur faoinár n-acmhainneacht infheistíochta sa chosaint, leithdháilfear EUR 1.5 billiún breise ar an gCiste Eorpach Cosanta faoi Cheannteideal 5.

14. Ar deireadh, chun an brú riaracháin ar na Ballstáit a mhaolú ionas go mbeidh siad in ann athchlárú a dhéanamh i dtreo chuspóirí Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip agus chun dúnadh ordúil na gclár a áirithiú, ba cheart síneadh 12 mhí a chur leis an spriocdháta chun an t-iarratas deiridh ar íocaíocht- eatramhach agus na doiciméid ghaolmhara a chur isteach sa chlárthréimhse 2014-2020 agus cuirfear ráta cómhaoinithe 100 % i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas a dearbhaíodh sa bhliain cuntasaíochta deiridh.

***Íocaíochtaí úis Next Generation EU (NGEU)***

15. Chun oibleagáid dhlíthiúil an Aontais a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí úis NGEU a dhéanamh in am agus ina n-iomláine, d'fhonn na forálacha atá ann faoi láthair i gCeannteideal 2(b) a fhorlíonadh, más gá, áiritheofar leis an sásra cascáide seo a leanas go mbeidh na méideanna is gá ar fáil chun costais na n-íocaíochtaí úis agus cúpóin atá dlite a íoc.

16. Céim 1: úsáidfear ina hiomláine líne bhuiséid reatha Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh faoi Cheannteideal 2(b) sa bhuiséad bliantúil.

Céim 2: mura féidir costas íocaíochtaí úis NGEU a íoc ó líne bhuiséid reatha Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh faoi Cheannteideal 2(b), lorgófar maoiniú, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, chun cuid shubstaintiúil de na méideanna is gá a chumhdach, a mhéid is féidir, d’fhonn suim ar fiú thart ar 50 % de chostais íocaíochtaí úis NGEU í a shlógadh mar thagarmharc. Chuige sin, bainfear leas as spás arna chruthú le cur chun feidhme buiséadach na gclár agus le hathbheartú tosaíochtaí, mar aon le hionstraimí speisialta neamhthéamacha (an Ionstraim Sholúbthachta agus an Ionstraim Corrlaigh Aonair), i gcomhréir leis na rialacha earnálacha is infheidhme agus oibleagáidí dlíthiúla eile, agus tosaíochtaí agus buiséadú stuama á gcur san áireamh. Clúdaigh náisiúnta na mBallstát ar gealladh go dlíthiúil cheana féin iad, go háirithe iad siúd faoi CBT agus faoin mbeartas comhtháthaithe, ní dhéanfar aon difear dóibh leis an athdháileadh agus an athbheartú tosaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo.

Céim 3: tabharfar isteach ionstraim nua de bhreis ar uasteorainneacha CAI. Beidh an ionstraim sin eisceachtúil agus teoranta d’aghaidh a thabhairt ar an gcás ina mbeidh na hoibríochtaí iasachtaíochta le haghaidh NGEU fós ar siúl faoi chúinsí margaidh athraitheacha.

Ní shlógfar an ionstraim seo ach amháin má tá gá le maoiniú breise tar éis chéimeanna 1 agus 2. Gach bliain, le haghaidh na hionstraime sin, slógfar i dtús méid suas leis an méid a saoradh ó na blianta roimhe sin ó chláir an Aontais nach dtugtar anonn faoi reachtaíocht shonrach eile is infheidhme. Leithreasuithe a saoradh a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach, ní chuirfear san áireamh iad agus an slógadh á dhéanamh le haghaidh na hionstraime.

Sa chás gan choinne ina mbeadh róchaiteachas fós gan réiteach, molfaidh an Coimisiún leithreasuithe breise a shlógadh tríd an ionstraim mar chúlstop.

17. I gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, déanfaidh an Chomhairle, sula nglacfaidh sí a seasamh maidir leis an mbuiséad bliantúil, a mheas an iomchuí an réiteach maoiniúcháin do chostais íocaíochtaí úis NGEU de réir chéimeanna 1 go 3, agus, más infheidhme, an iomchuí an cúlstop a shlógadh.

    Má mheasann an Chomhairle nach iomchuí an cúlstop a shlógadh, iarrfaidh sí ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar a thogra d'fhonn an méid a shlógtar sa nós imeachta buiséadach bliantúil a mhéadú. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar leith ar leibhéal na méideanna saortha a shlógtar i gcéim 3 i gcás ina mbeadh an leibhéal sin cothrom le EUR 5 bhilliún in imeacht bliana nó os cionn EUR 15 bhilliún go carnach thar na blianta 2025-2027.

18. Go heisceachtúil, má mheasann Ballstát amháin nó níos mó gur ábhar suntasach imní é slógadh an chúlstop, féadfaidh siad a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí an t-ábhar a chur faoi bhráid na chéad Chomhairle Eorpaí eile.

19. Tá an ionstraim nua eisceachtúil agus teoranta d'fhad an CAI reatha. Tá sí gan dochar don chéad CAI eile.

20. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach an gealltanas a thugtar, faoi na conarthaí, go n-áiritheofar na hacmhainní airgeadais chun go bhféadfaidh an tAontas a chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh i leith tríú páirtithe.

21. Cuirfear EUR 2 bhilliún leis an uasteorainn le haghaidh mhéid foriomlán na hIonstraime Solúbthachta.

***Ionstraimí Speisialta***

*Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála*

22. Cuirfear méadú EUR 1.5 billiún le huasmhéid an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála.

23. I bhfianaise na dtubaistí nádúrtha a tharla ar chríoch na hEorpa agus tubaistí nádúrtha agus géarchéimeanna daonnúla a tharla i dtríú tíortha, agus chun nach mbeidh tosaíochtaí in iomaíocht le chéile, ba cheart an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála atá ann cheana a roinnt ina dhá ionstraim ar leith mar seo a leanas:

    i) beidh EUR 800 milliún ag an gCúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta in aghaidh na bliana, méid a gcuirfear EUR 216 mhilliún leis in aghaidh na bliana (i bpraghsanna 2018) le haghaidh cúnaimh chun freagairt ar chásanna éigeandála a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh;

    ii) beidh EUR 400 milliún in aghaidh na bliana ag an gCúlchiste Cabhrach Éigeandála, méid a gcuirfear EUR 108 milliún leis in aghaidh na bliana (i bpraghsanna 2018) le haghaidh mearfhreagairtí ar riachtanais éigeandála shonracha laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha.

24. I gcás na méideanna bliantúla nach n-úsáidtear le haghaidh an Chúlchiste Eorpaigh Dlúthpháirtíochta agus an Chúlchiste Cabhrach Éigeandála atá le dul in éag de réir na rialacha atá i bhfeidhm, cuirfear ar fáil iad lena n-úsáid san Ionstraim Sholúbthachta an bhliain dár gcionn.

***Acmhainní dílse nua***

25. Mar a comhaontaíodh in 2020, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun Acmhainní Dílse Nua a thabhairt isteach. Úsáidfear na fáltais ó na hacmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2023 chun iasachtaí i ndáil le NGEU a aisíoc go luath.

***Tionchar ar íocaíochtaí***

26. Chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal leordhóthanach leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bheidh ar aon dul le leibhéal méadaithe na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, coimeádfar an chaidhp fhoriomlán maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí na hIonstraime Corrlaigh Aonair ach déanfar í a choigeartú tríd an gcaidhp is gá ó 2025 a aistriú le go mbeidh an tAontas in ann na riachtanais a thuartar in 2026 a chumhdach.

***Gnéithe a laghdaíonn an tionchar ar bhuiséid náisiúnta***

27. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach na dúshláin bhuiséadacha atá os comhair an Aontais agus na mBallstát i gcomhthéacs géarchéimeanna leanúnacha, suaití geopholaitiúla agus éiginnteachta.

28. Dá bhrí sin, maoineofar na tosaíochtaí a sainaithníodh san athbhreithniú meántéarma seo, go páirteach, mar seo a leanas:

29. Athshannfar suim EUR 10.6 billiún do na tosaíochtaí thuasluaite gan an bonn a bhaint d'aon tosaíocht pholaitiúil laistigh den CAI reatha.

    a) Beidh EUR 2.6 billiún den mhéid sin ag teacht ó athúsáid méideanna a saoradh laistigh de ICFCI agus IPA, agus beidh EUR 1.9 billiún de ag teacht ó ICFCI i ngeall ar chostas na tacaíochta airgeadais don Úcráin mar a cinneadh in 2022 é a bheith á áireamh sa tSaoráid don Úcráin. Idir an dá cheann sin, sin EUR 4.5 billiún a bheidh ag tacú leis na tosaíochtaí nua arna gcistiú leis na cláir sin;

    b) Athdháilfear EUR 2.1 billiún ó chlár Fís Eorpach don tréimhse 2021-2027 agus úsáidfear é chun tairbhe na gclár a shainaithnítear san athbhreithniú meántéarma seo;

    c) Athdháilfear EUR 0.6 billiún ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit;

    d) Laghdófar an méid bliantúil le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú go dtí EUR 30 milliún (praghsanna 2018) ó 2024, rud a fhágfaidh go mbeidh coigilteas foriomlán EUR 1.3 billiún ann in imeacht na tréimhse 2021-2027, lena n-áirítear méideanna a chuaigh in éag in 2021-2023;

    e) Déanfar EUR 1.1 billiún a athdháileadh ó na comhpháirteanna bainistíochta dírí de chuid na gCistí Comhbheartais Talmhaíochta agus Comhtháthaithe gan dochar don chéad CAI eile. Ní dhéanfar difear d'aon chlúdaigh náisiúnta de chuid na mBallstát;

    f) Athdháilfear EUR 1 bhilliún ón gclár EU4Health.

***Achoimre***

30. Tá an Chomhairle Eorpach tagtha ar chomhaontú maidir le EUR 64.6 billiún (lena n-áirítear iasachtaí EUR 33 bhilliún agus athdháileadh EUR 10.6 billiún) a chur le tosaíochtaí nua, mar seo a leanas:

| |
|---|
| + *EUR 50 billiún don Úcráin (deontais EUR 17 mbilliún agus iasachtaí EUR 33 bhilliún)* |
| + *EUR 2 bhilliún le haghaidh 'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha' (Ceannteideal 4)* |
| + *EUR 7.6 billiún le haghaidh 'an Chomharsanacht agus an Domhan' (Ceannteideal 6)* |
| + *EUR 1.5 billiún chuig an gCiste Eorpach Cosanta faoin ionstraim nua Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)* |
| + *EUR 2 bhilliún le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta* |
| + *EUR 1.5 billiún le haghaidh an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair* |

| | | |
|---|---|---|
| **Tábla 1** | | |
| *Is i mbilliúin EUR atá na méideanna* | | |
| | | |
| **Athbhreithniú meántéarma de réir tosaíochta** | | |
| **TOSAÍOCHTAÍ** | | **PEC 4** |
| **An Úcráin** | *Deontais agus soláthar* | 17,0 |
| | *Iasachtaí* | 33,0 |
| | **Iomlán - an Úcráin** | **50,0** |
| **An imirce / dúshláin sheachtracha** | **Ceannteideal 4** | |
| | *an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)* | 0,8 |
| | *cht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí* | 1,0 |
| | *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann* | 0,2 |
| | **Iomlán - Ceannteideal 4** | **2,0** |
| | **Ceannteideal 6*** | |
| | *Dídeanaithe ón tSiria (an tSiria, an Iordáin, an Liobáin)* | 1,6 |
| | *Dídeanaithe ón tSiria (an Tuirc)* | 2,0 |
| | *Comharsanacht an Deiscirt* | 2,0 |
| | *Na Balcáin Thiar* | 2,0 |
| | **Iomlán - Ceannteideal 6** | **7,6** |
| | **Iomlán - Imirce agus an Ghné Sheachtrach** | **9,6** |
| **STEP** | *An Ciste Nuálaíochta* | |
| | *InvestEU* | |
| | *An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach faoi Fís Eorpach* | |
| | *An Ciste Eorpach Cosanta* | 1,5 |
| | **Iomlán - STEP** | **1,5** |
| **Costais mhaoiniúcháin NGEU - sásra cascáide** | | **0,0** |
| **Riarachán** | | |
| **An Ionstraim Sholúbthachta** | | **2,0** |
| **An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála** | | **1,5** |
| **IOMLÁN - DEONTAIS** | | **31,6** |
| **IOMLÁN - IASACHTAÍ** | | **33,0** |
| **IOMLÁN - TOSAÍOCHTAÍ** | | **64,6** |
| **ATH-IMLONNUITHE** | | |
| | *Íocaíochtaí úis ó bhuiséid náisiúnta (MFA+)* | 0,0 |
| | *Ath-imlonnuithe faoi Cheannteideal 4* | 0,0 |
| | *Ath-imlonnuithe faoi Cheannteideal 6* | 4,5 |
| | *Iomarcacha* | 1,3 |
| | *Ath-imlonnuithe ón gclár Fís Eorpach* | 2,1 |
| | *Cúlchiste Coigeartaithe Brexit* | 0,6 |
| | *Comhtháthú / cláir CBT arna mbainistiú go lárnach* | 1,1 |
| | *Ath-imlonnuithe ó Cheannteideal 2 — EU4Health* | 1,0 |
| **IOMLÁN - IMLONNUITHE** | | **10,6** |
| **IOMLÁN - AIRGEAD ÚR** | | **21,0** |
| **Dá dtagraítear i mír 10 de 23/23.* | | |

*

**An Úcráin**

31. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí roimhe seo agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de thacaíocht láidir, pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá.

32. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach agus na Ballstáit diongbháilte go leanfar de thacaíocht mhíleata, thráthúil, intuartha agus inbhuanaithe a thabhairt don Úcráin, go mór mór tríd an tSaoráid Eorpach Síochána agus trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais, agus trí chúnamh déthaobhach díreach ó na Ballstáit, i gcomhréir le riachtanais na hÚcráine. Coimeádfaidh sí an tsaincheist faoi athbhreithniú.

33. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an obair sa Chomhairle maidir le tacaíocht mhíleata don Úcráin faoin tSaoráid Eorpach Síochána agus an méadú ar a huasteorainn airgeadais fhoriomlán. Iarrann sí ar an gComhairle teacht ar chomhaontú faoi thús mhí an Mhárta 2024 chun Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle a leasú ar bhonn an togra ón Ardionadaí maidir le Ciste Cúnaimh don Úcráin agus ar bhonn na bpríomh-mhodúlachtaí atá beartaithe, agus moltaí ó na Ballstáit á gcur san áireamh.

34. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil géarghá le dlús a chur le seachadadh armlóin agus diúracán, go háirithe i bhfianaise an ghealltanais milliún urchar armlóin airtléire a chur ar fáil don Úcráin. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta agus iarrann sí ar na Ballstáit féachaint ar na roghanna uile chun freastal ar riachtanais na hÚcráine agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na críche sin, lena n-áirítear leanúint de stoc a dheonú, orduithe atá istigh cheana a atreorú agus na horduithe riachtanacha nua a chur isteach, rud a chabhróidh le hacmhainneacht táirgeachta thionscal na hEorpa a mhéadú.

35. Agus an tacaíocht mhíleata sin agus na gealltanais slándála sin á gcur i gcrích, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

36. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar cheist na slándála agus na cosanta, an gá le hullmhacht fhoriomlán na hEorpa don chosaint san áireamh, ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici i mí an Mhárta 2024, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le céimeanna breise chun tionscal cosanta na hEorpa a dhéanamh níos athléimní, níos nuálaí agus níos iomaíche.

37. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle agus an Rialachán ón gComhairle a bhaineann le hioncam urghnách atá i seilbh eintiteas príobháideach mar thoradh díreach ar bhlocáil shócmhainní na Rúise chun tacú leis an Úcráin.

**AN MEÁNOIRTHEAR**

38. Phléigh an Chomhairle Eorpach na forbairtí is déanaí sa Mheánoirthear.

*

*        *

39. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2020 maidir le cur i bhfeidhm an tsásra coinníollachta

40. Phléigh an Chomhairle Eorpach na dúshláin san earnáil talmhaíochta agus na hábhair imní a tharraing feirmeoirí anuas. Á mheabhrú di an ról ríthábhachtach atá ag an gComhbheartas Talmhaíochta, iarrann sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an obair a thabhairt ar aghaidh de réir mar is gá. Coimeádfaidh an Chomhairle Eorpach súil ar an gcás.